# Polasaí Frith-Mhaistíneachta

Is é an aidhm atá againn i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin ná timpeallacht fhoghlama thaitneamhach, chairdiúil a chruthú ina mbeidh daoine in ann oibriú agus foghlaim ar a gcompord saor ó mhaistíneacht. Déanaimid iarracht an aidhm sin a bhaint amach le comhoibriú ó páirtithe leasmhara na scoile go léir faoi mar atá leagtha síos in aidhmeanna na scoile.

1) I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile 2013* is é seo é an sainmhíniú ar mhaistíneacht:
   Is é an rud a thuigtear le maistíneacht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

   Áirítear na cineálacha iompair mhaistíneachta seo a leanas ar an sainmhíniú ar mhaistíneacht:

a) Duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh mhaistíneachta idir dhaoine.

b) Cíbear-mhaistíneacht, 'sé sin, maistíneacht trí úsáid na teicneolaíochta. Ní ghá ach go dtárlóidh sé uair amháin sa chás seo.

c) Maistíneacht bunaithe ar aitheantas, ar nós maistíneacht homofóbach, maistíneacht chiníoch, maistíneacht bunaithe ar bhallraíocht den lucht siúil, maistíneacht ar dhuine bunaithe ar rás, reiligiún, cúlra teaghlaigh nó eitneacht, agus maistíneacht ar dhuine faoi míchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

d) Teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon sórt, lena n-áirítear téacsteachtaireacht, íomhá nó ráiteas mhaslach nó goilliúnach aon uaire ar fhóram phlé.

e) Íomhá, ráiteas nó teachtaireacht a chur ar shuíomh idirlín, fóram phlé nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, íomhá nó ráiteas sin a fheiceáil air agus /nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar maistíneachta.

f) Maistíneacht a dhéanamh ar dhuine le cur isteach ar a ngaoil nú a seasamh sóisialta.

g) Imeaglú mar fhoirm maistíneachta.

Ní liosta críochnúil é seo. Déileáilfear le gach ceann de na samplaí thuas, agus aon chás eile nach bhfuil luaite anseo, mar is cuí, de réir Chód Iompair na scoile.

2) Tá an polasaí frith-mhaistíneachta seo leagtha amach i gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (leas) 2000 agus na dtreorlínte faoi Chód Iompair a d'éisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachas. Géileann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

3) Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.

a) Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;

b) ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach;

c) ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;

d) Ceannaireacht éifeachtach;

e) Cur chuige scoile uile;

f) Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige;

g) Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt) a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí;

h) ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;

i) Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;

j) Tacaíochtaí don fhoireann;

k) Teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid);

l) Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.

4) I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht: An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile. Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

    a) duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;

    b) cibearbhulaíocht;

    c) bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

    d) Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile. Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

    e) Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile. Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile.*

   Ní liosta uileghabhálach é seo.

5) Aithníonn bainistíocht na scoile a thromchúisí is atá iompar maistíneachta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir, cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar maistíneachta á chosc agus á chomhrac:

a) Deanfar cultúr dearfach a chruthú sa scoil:

- Ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
- Ina spreagtar daltaí chun iompar maistíneachta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach;
- Timpeallacht scoile ina léireofar meas ar a chéile;
- Ina mbeidh meas, cothromaíocht agus ionracas mar bhunphionsabal i ngach gné de shaol na scoile.

b) Déanfar soiléir faoin rud is maistíneacht ann agus faoin tionchar gur féidir a bheith aige ar dhaoine.

c) Beidh ceannaireacht éifeachtach a thabharfaidh dea-shampla do phobal na scoile agus a chothóidh caidrimh láidir bunaithe ar mheas, ar chothromaíocht agus ar ionracas.

d) Déanfar feidhmiú stráitéisí oideachais agus coiscithe chun feasacht a mhúscailt i bpobal na scoile ar an ábhar seo a chur i bhfeidhm.

e) Déanfar teagmhais mhaistíneachta a thaifead agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh.

f) Déanfar meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí is atá an polasaí frithmhaistíneachta.

g) Déanfaidh gach ball fóirne monatóireacht ar mhaistíneacht, agus beidh se de dhualgas orthu aon bhuairt mhaistíneachta atá orthu don bhall foirne cuí, an Príomhoide agus an Príomhoide Tanaisteach ina measc.

h) Bainfear úsáid as na ranganna san OSSP, OSPS agus Creideamh le tacú leis an bpolasaí frithmhaistíneachta agus le meas ar an éagsúlacht a fhorbairt sa scoil.

i) Molfar do dhaltaí tuairisc a thabhairt d'údaráis na scoile nó do aon mhúinteoir ar aon ghníomh den chineál atá luaite thuas a tharlaíonn dóibh nó do duine eile.

j) Cruthófar féinmheas i measc na ndaltaí trí aitheantas, moladh agus luachaíocht a thabhairt do dhea-iompar.

k) Cabhrófar le daltaí iombhá a fhorbairt trí mhothúcháin a phlé agus tré iarracht iad féin a chur in ionad dhaoine eile.

l) Freagróidh múinteoirí go híogaireach do dhaltaí a nochtann eachtraí maistíneachta agus déantar fiosrúchán ar gach eachtra a nochtar.

m) Pléifear cód frithmhaistíneachta na scoile atá sa dialann scoile go foirmiúil ag tús gach scoilbhliain agus go rialta ina dhiaidh sin.

n) Eagróidh Comhairle na nDaltaí ócáidí speisialta cosúil le seachtain frithmhaistíneachta le haird a dhíriú ar an bhfadhb agus ar an bpolasaí.

o) Reachtálfar cur i láthair ar Shábháilteacht Idirlín, le traenáil a chur ar fáil do dhaltaí agus tuismitheoirí faoi shábháilteacht ar líne, agus déanfar monatóireacht ar iPadanna daltaí ar bhonn leanúnach i gcaitheamh na scoilbhliana.

p) Is cur chuige lán-scoile frith-mhaistíneachta bheidh i gceist, le bainistíocht, daltaí, tuismitheoirí, agus foireann na scoile. Reachtálfar seisiúin eolais do thuismitheoirí.

q) Muna dtagtar ar réiteach laistigh de fiche lá, cuirfear tuiairsc roimh an mBord Bainistíochta.

r) Spreagfar na daltaí chun éiteas na scoile agus ár bpatrún, Bord Oideachais agus Oiliúint Chorcaí, a chur i bhfeidhm go laethúil.

6) I gcás maistíneachta scoile, usáidfear na stráitéisí idirghabhálacha chun dul i ngleic leis na cásanna sin (Feic Cuid 6.8 de Phróiseas na ROE):

a) Sa chás go mbíonn buairt mhaistíneachta ag múinteoir go bhfuil maistíneacht ar siúl, is féidir leis/léi iniúchadh a dhéanamh air, ar aon dul leis an bpróiséas atá leagtha amach i gCuid 6.8 de Mhodhanna Frithmhaistíneachta do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna. Ina áit sin, is féidir leis an múinteoir é a chur ar aghaidh chuig an Ceann Bliana, an Príomhoide nú an Príomhoide Tánaisteach.

b) Tá fáilte roimh múinteoirí cabhair agus tacaíocht a fháil ón bPríomhoide, ón bPríomhoide Tánaisteach nú ón gCeann Bliana cuí.

c) Tá an cead ag an scoil iniúchadh a dhéanamh ar aon líomhain mhaistíneachta i gcás maistíneachta déanta ag ball de phobal na scoile, agus ina gcuireann sí isteach ar obair nú ar fholláine an dalta ar scoil, fiú má dhéantar an mhaistíneacht lasmuigh den scoil.

d) Ta an ceart ag an scoil, ar aon dul le Cuid 6.3.5 de mhodhanna na ROE, cabhair a fháil ó ghníomhaireachtaí ar nós NEPS, HSE nú na Gardaí, má chreidtear gur gá a leithéid de chabhair.

e) Déanfar iniúchadh agus deileáil le buairt nú le líomhain mhaistíneachta ar aon dul le Cuid 6.8.9 de Mhodhanna Frith-Mhaistíneachta do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna, mar seo a leanas:

1. I gcás iniúchadh agus deileáil le cas maistíneachta, is ar an leasú a chuirfear béim.

2. I gcás iniúchadh agus deileáil le cás maistíneachta, úsáidfidh an múinteoir a mbreithiúnas proifisiúnta le coinne a dhéanamh faoi cad é go díreach a tharla, agus ar an slí is fearr leis an bhfadhb, más ann dó, a réiteach.

3. Déanfaidh an múinteoir a thagann ar an tuairisc nú an líomhain mhaistíneachta ar dtús, nó an ball chuí den fhoireann tréadchúraim, nó an Príomhoide nú an Príomhoide Tánaisteach iniúchadh agus deileáil léi. Cuirfidh an múinteoir tuairisc an Fhoireann Tréadchúraim san eolas faoi an mbulaíocht.

4. Tabharfar spreagadh do, agus cuirfear comhairle ar gach ball foirne taca, tuairisc a thabhairt ar aon mhaistíneacht a thagann chun solais dóibh, do mhúinteoir, don Phríomhoide nú don Phríomhoide Tánaisteach.

5. Pléifear le heachtraí maistíneachta ar shlí shocair, mhímhothúnach ag iarraidh teacht ar réiteach na faidhbe i gcónaí.

6. Déanfar iniúchadh ar chásanna maistíneachta lasmuigh den seomra ranga chun príobháideachas gach éinne atá i gceist a chosaint.

7. Reachtálfar gach agallamh le tuiscint agus le tús áite tugtha do chearta an duine. Loirgeoidh an té atá ag iniúchadh ceisteanna faoi ché, cad é, cathain, cén duine agus canathaobh.

8. Sa chás go ndéantar líomhain i leith grúpa, cuirfear agallamh aonair ar gach dalta ar dtús. Tabharfar tacaíocht do gach ball den ghrúpa i gcás brú a bheith orthu, ó bhaill eile den ghrúpa, i ndiaidh agallamh a bheith curtha orthu.

9. I gcásanna oiriúnacha, is féidir iarraidh orthu sin lena ndéanfar agallamh, cuntas scríofa a thabhairt.

10. Cuirfear in iúl do thuismitheoirí na ndaltaí luath sa phróiséas, leis an gcás a chur in iúl dóibh, agus le miniú a thabhairt ar cad é atá beartaithe, ag tagairt don pholasaí. Tabharfaidh an scoil deis do thuismitheoirí slite le tacú nú treisiú leis an rud atá beartaithe ag an scoil a dhéanamh.

11. Má chruthaítear gur iompar maistíneachta a bhí i gceist, déanfar soiléir don té a dhein, mar atá sé/sí ag dul i gcoinnibh an Pholasaithe Frithmhaistíneachta, agus déanfar gach uile iarracht cás an duine atá thíos leis an maistíneacht, a chur ar a s(h)úilibh dó/di. Cuirfear béim i gcónaí ar réiteach dearfach, agus ní ar mhilleán a chur.

12. Má mheasann an scoil gur chóir píonós a ghearradh, ní bhaineann sé seo ach amháin leis an dalta ar a bhfuil píonós á ghearradh, a dtuismitheoirí agus an scoil.

13. Ag leanúint ar réiteach na faidhbe, ba chóir don mhúinteoir a bhí ag plé leis, bualadh leis na páirtithe cuí le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn. Sa chás go bhfuil sé oiriúnach, is féidir coinne a dhéanamh go mbuailfeadh na páirtithe go léir lena chéile, má tá an dalta ullamh chuige, agus má mheastar go gcabhródh sé.

14. Sa chás nach mbíonn tuismitheoir nú dalta os cionn 18 mbliana, míshásta leis gur dheileáil an scoil i gceart le cás maistíneachta, ar aon dul le Modhanna Frith-Bhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna, tabharfar eolas dó/di faoi Mhódhanna Gearáin, feic Cuid 6.8.9 de Mhodhanna Frith-Bhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna.

    Sa chás nach mbíonn tuismitheoir nú dalta atá os cionn 18 mbliana, atá tar éis gabhail tríd an próiséas gearáin, agus atá fós míshásta, cuirfear comhairle air/uirthi faoin gceart ata aige/aici gearán a dhéanamh chuig Fear/Bean P(h)obail na Leanaí, ar aon dul le Cuid 6.8.9 de Mhodhanna Frith-Bhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna.

7) Clár Tacaíochta do Dhaltaí a d'fhulaing de dheasca na Maistíneachta, feic Cuid 6.8.15, 6.8.16 agus 6.8.17 de Mhodhanna Frith-Bhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna.

Cuirfidh an scoil clár tacaíochta i bhfeidhm do dhaltaí, ina mbeidh na gnéithe seo a leanas:

1. I gcás daltaí a bhí thíos le maistíneacht, cuirfear
    a) comhairleoireacht chuí orthu;
    b) deiseanna ar fáil dóibh páirt a ghlacadh in imeachtaí a chuirfeadh lena bhféin-mhuinín, lena scileanna sóisialta agus lena athléimneachas.

2. I gcás daltaí a bhí ag gabháil don mhaistíneacht, cuirfear
    a) comhairleoireacht chuí orthu le tacú leo foghlaim conas dul i ngleic lena riachtainisí féin gan cur isteach isteach ar chearta daoine eile;

    b) deiseanna ar fáil dóibh páirt a ghlacadh in imeachtaí a chuirfeadh lena bhféin-mhuinín, agus lena bhféinmheas.

3. I gcás daltaí a chíonn eachtraí maistíneachta tabharfar spreagadh dóibh labhairt lena múinteoirí agus lena dtuismitheoirí faoi agus cuirfear an chomhairleoireacht chuí orthu sa chás go mbraitheann siad go gcabhróidh sé leo dul i ngleic ar shlí éifeachtach leis an rud atá feicthe acu.

Ghlac an Bord leis an bpolasaí seo ar an 28ú Eanair 2016.

Déanfar athbhreithniú rialta ar an bpolasaí seo.

Beidh sé ar fáil do pháirtithe uile na scoile.

Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí seo ar an 30ú Bealtaine, 2024.

**Agúisín 1**

**Teimpléid chun taifead a choimeád ar Iompar Mhaistíneach**

1. Ainm an dalta/Ainm an Ranga ar a rinneadh an bhullaíocht

Name ___________________________________________Class___________________

2. Ainm an dalta/na daltaí a rinne an bhullaíocht agus ainm a ranga/a ranganna

| Ainm | Rang |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

3. Foinse an bhuairt/tuairisc

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

4. An áit ina tharla an bullaíocht;

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

5. Ainm an duine a thug tuairisc ar an mbullaíocht;

6. Cineál Bullaíocht i gCeist;

Fisiciúil ______________________

Cíbear-bullaíocht ______________________

Damáiste do mhaoin ______________________

Imeaglú ______________________

Eisiamh ______________________

Cúlchaint Mailíseach ______________________

Maslú ó bhéal ______________________

Eile (Déan Cur Síos) ______________________

7. Ainmnigh an catagóir áit a tharla bullaíocht bunaithe ar aitheantas duine eile:

Homafóbach ______________________

Míchumas/RSO ______________________

Ciníoch ______________________

Ball den Lucht Taistil ______________________

Eile (Déan cur síos) ______________________

8. Cur síos gairid ar an mbullaíocht agus a tionchur;

9. Cur síos ar na céimeanna a tógadh;

Sínithe ________________________________ (Múinteoir Chui)

Dáta ____________________________

Dáta tugtha don Phríomhoide/Príomhoide Tánaisteach ____________________